An Leabhar Aifrinn



Foilseoidh Veritas an t-eagrán altóra nua den *Leabhar Aifrinn Rómhánach* go luath. Is toradh é an t-eagrán nua seo ar obair a rinne meitheal mhór de scoláirí teanga, de dhiagairí agus de chainteoirí dúchais thar thréimhse de cheithre bliana déag (2003-2017). Ba é An tOllamh Cathal Ó Háinle (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) a sholáthar cuid mhór den bhunaistriúchán i gcomhar le *Coiste Comhairleach na nEaspag Caitliceach um an Liotúirge i nGaeilge*, coiste a raibh An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta (suaimhneas síoraí dó) ina chathaoirleach air go dtí 2011. Idir 2011 agus 2014 rinne *Coiste Sapienti* (Coiste Rómhánach den Chuallacht um Dheabhóid Dhiaga agus um Dhisciplín na Sacraimintí) léirmheas ar an aistriúchán. Ba é An tArd-Easpag Mícheál Ó Nearaigh, Ard-Easpag Thuama, cathaoirleach an choiste sin. Ón mbliain 2014 i leith tá Colette Dower (Veritas) tar éis a bheith ag comhoibriú le foireann eagarthóirí chun clóchuradóireacht a dhéanamh ar an téacs. Táthar ag súil leis go gcothóidh an t-eagrán nua seo den *Leabhar Aifrinn* an Ghaeilge mar theanga bheo urnaí sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht sna blianta amach romhainn. Ar an ábhar sin, tá tábhacht ar leith ag foilsiú *An Leabhar Aifrinn* ní hamháin don Eaglais Chaitliceach in Éirinn ach do gach duine a bhfuil meas acu ar ár n-oidhreacht Ghaeilge.

Veritas will soon publish the new Irish language altar edition of The Roman Missal. *This edition is the fruit of a huge collaboration, over a period of fourteen years (2003-2017), between linguists, theologians and native speakers. Professor Cathal Ó Háinle (Trinity College, Dublin) provided a substantial part of the translation in association with* Coiste Comhairleach na nEaspag Caitliceach um an Liotúirge i nGaeilge - *a committee chaired, until 2011, by Monsignor Pádraig Ó Fiannachta (R.I.P.). The translation was reviewed between 2011 and 2014 by* Coiste Sapienti - *a committee of the Roman Congregation for Divine Worship and the Discipline of the Sacraments, and chaired by Archbishop Michael Neary of Tuam. Since 2014 Colette Dower (Veritas) has been working with a team of editors in order to typeset the text. It is hoped that the new edition of* An Leabhar Aifrinn *will maintain the Irish Language as a living language of prayer both in the Gaeltacht and outside of the Gaeltacht for years to come. For that reason, the publication of* An Leabhar Aifrinn *is particularly significant not only for the Catholic Church in Ireland but also for all who value our Irish language heritage.*